FEAR AN PHOIST

A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. múinteoir, fear an phoist, dochtúir, sagart, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Téigh amach, a Úna.
Rachaidh mé.
Siúil go dtí an doras, a Liam.
Siúlfaidh mé.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**
Bunchomhrá

Tháinig fear an phoist go dtí an doras. Thug sé beart do Nuala. Chuaigh Nuala isteach. Thug sí an beart do Mhamaí. D'oscail Mamaí an beart.

C. **Cleachtadh**

Cé a tháinig go dtí an doras? Céard/Cad a thug sé do Nuala?
Céard/Cad a rinne Nuala?
Cé a d'oscail an beart?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tháinig fear an phoist go dtí **an doras/an teach/an scoil/an siopa,** etc.
D'oscail Mamaí **an beart/an doras/an cófra/an fhuinneog,** etc.

D. **Leathnú**

(a) Amhrán (An ceol ar théip)

Fear an Phoist
I

Rat-tat-tat, Rat-tat-too
Fear an phoist ar an mbóthar,
Rat-tat-tat, Rat-tat-too
Litir leis, litir leis.

II

Rat-tat-tat, Rat-tat-too
Nuala a bhuail leis ag an doras,
Rar-tat-tat, Rat-tat-too
Maith an cailín thú, a stór.

(b) Scéilín, fear an phoist ag an scoil.